Aonad 3

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

# Cáin Ioncaim d’Fhostaithe

## Bileog Oibre le haghaidh Gníomhaíocht Scoláirí 2

Freagraí



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

## 1. Sainmhínigh an téarma **ioncam**.

- Airgead a thuilleann daoine ó bheith ag obair nó ó infheistíochtaí / Brabús cuideachta ar feadh tréimhse áirithe ama / Airgead tuillte ag duine, cuideachta nó rialtas thar thréimhse áirithe ama.

## 2. Meaitseáil na mínithe leis an téarma ceart sa tábla thíos.

| Míniúcháin | | Téarmaí | |
|---|---|---|---|
| **1.** | Íocaíocht bhreise a fuair fostaí as sprioc a bhaint amach | **A.** | Díbhinn |
| **2.** | Méid a íoctar le fostaithe bunaithe ar líon na n-uaireanta nó na laethanta a oibríonn siad | **B.** | Sochar Cuardaitheora Poist |
| **3.** | Íocaíocht sheachtainiúil a thugtar do dhaoine dífhostaithe | **C.** | Pinsean |
| **4.** | Scair de bhrabús cuideachta a thugtar do scairshealbhóirí | **D.** | Pá |
| **5.** | Íocaíocht rialta a fhaigheann daoine atá ar scor | **E.** | Bónas |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| **E** | **D** | **B** | **A** | **C** |

## 3. Sainaithin an ioncam incháinithe nó neamh-incháinithe é gach ceann de na cineálacha ioncaim thíos.

| Ioncam | | Incháinithe / Neamh-incháinithe |
|---|---|---|
| **1.** | Crannchur a bhaint | Neamh-Incháinithe |
| **2.** | Tuarastal | Incháinithe |
| **3.** | Coimisiún | Incháinithe |
| **4.** | Ioncam scoláireachta | Neamh-Incháinithe |
| **5.** | Ioncam cíosa | Incháinithe |

**4.** Cuir ciorcal ar an bhfreagra ceart sna ráitis seo a leanas.

**a.** Íoctar cáin dhíreach ar **ioncam** / earraí agus seirbhísí.

**b.** Baineann Sceideal E le hioncam cuideachta / **ioncam fostaíochta**.

**c.** Is **Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí** / Uimhir Poiblí Pearsanta Seirbhíse é an UPSP.

**d.** Is sampla d'asbhaint reachtúil / **neamhreachtúil** é síntiús ceardchumainn.

**e.** Tugtar an ráta caighdeánach / **ráta imeallach** ar an ráta cánach ioncaim de 40% freisin.

**5.** Sainaithin an bhfuil na ráitis seo thíos fíor nó bréagach.

| | Ráiteas | Fíor / Bréagach |
|---|---|---|
| **1.** | Méadaíonn creidmheasanna cánach an méid cánach ioncaim a chaithfidh duine a íoc. | Bréagach |
| **2.** | Is íocaíocht sheasta é tuarastal a íoctar le fostaí as obair. | Fíor |
| **3.** | Is sampla é CBL de cháin indíreach. | Fíor |
| **4.** | Is sampla é an Sochar Linbh d'ioncam incháinithe. | Bréagach |
| **5.** | Úsáidtear an córas ÍMAT chun ioncam fostaíochta a bhailiú. | Fíor |